

# GNÍOMHAÍOCHT LÁ NA SÁBHÁILTEACHTA IDIRLÍN LE TABHAIRT ABHAILE

**Inniu ar scoil cheiliúramar Lá na Sábháilteachta Idirlín. Lá chun úsáid shábháilte, fhreagrach an Idirlín a chur chun cinn, ionas gur féidir linn áit níos sábháilte agus níos fearr do chách a dhéanamh den idirlíon, agus go háirithe do leanaí.**


## Ár nEispéireas ar líne a Bhainistiú

**Tá meabhrúchán anseo ar roinnt de na leideanna a phléamar i rith an cheachta inniu maidir le smaointeoireacht chriticiúil le dul i ngleic le tionchairí agus algartaim.**

Céard is féidir linn a dhéanamh chun an leas is fearr a bhaint as an ábhar a fhiosraímid ar líne?

- **Tuiscint ar Thionchairí:** Cuireann roinnt tionchairí táirgí chun cinn mar go n-íoctar iad. Coinnigh súil amach do #ad nó #gifted chun na postálacha seo a phiocadh amach.
- **Ceistigh Ábhar agus Smaoinigh sula Roinneann tú:**
    - Cé a phostáil é seo?
    - Cén fáth? (An fógra atá ann, jóc, nó fíorscéal?)
    - An bhfuil sé fíor?
    - Bí aireach ar cheannlínte drámata nó naisc aisteacha.
- **Lean go Stuama:** Roghnaigh cuntais a chuireann giúmar dearfach agus inspioráideach ort. Dílean cuntais a chuireann isteach ort nó a chuireann brú ort.
- **Ná cuir thú féin i gComparáid:** Cuimhnigh, tá formhór grianghraf agus físeán curtha in eagar nó ní thaispeántar ach na móimintí is fearr iontu.
- **Coimeád Smacht ort féin:** Coinnigh faisnéis phearsanta príobháideach, fiosraigh spéiseanna nua, socraigh teorainneacha ama, agus bí cineálta ar líne.

## Machnamh ar Thionchar ar Líne



**Léigh tríd an gcás thíos agus smaoinigh ar roinnt réiteach chun do bhealach a dhéanamh trí thionchar ar líne:**
Caoimhe, 14 bliana déag, is breá léi smideadh agus leanann sí roinnt tionchairí áilleachta chun leideanna agus comhairle a fháil. Tá an tionchaire is fearr léi ag cur chun cinn táirge nua costasach ina físeán teagaisc is déanaí 'Faigh Réidh Liom' agus cliceálann Caoimhe ar an nasc chun é a cheannach. Ó cheannaigh sí an táirge, thug Caoimhe faoi deara go bhfuil níosmó agus níos mó postálacha á bhfeiceáil aici ag cur chun cinn táirgí smididh agus tionchairí nua áilleachta ar a leathanach 'Duitse'.



Tugann tú faoi deara le déanaí go bhfuil níos mó agus níos mó suime aici sna táirgí is déanaí a bheith aici agustugann sí breithiúnas ar aon duine nach gcoinníonn suas leis na treochtaí cosúil léi féin, cén chomhairle a thabharfá do Chaoimhe?

## Anois labhair air seo le chéile.

**Cén rud amháin is féidir leat a dhéanamh le seiceáil an bhfuil postáil cruinn, iontaofa sula roinneann tú í le daoine eile?**

**Ainm an dalta:**

**Ainm an Tuismitheora:**